**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0297/2023**

5.6.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le hoibrithe a chosaint ar thionóiscí ag an obair agus ar sháruithe arna ndéanamh ag fostóirí

**Kostas Papadakis, Lefteris Nikolaou-Alavanos**

**B90297/23**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hoibrithe a chosaint ar thionóiscí ag an obair agus ar sháruithe arna ndéanamh ag fostóirí**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. á iarraidh ar na Ballstáit gach beart reachtach agus gach beart eile is gá a dhéanamh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta ginearálta agus comhaontuithe comhchoiteanna earnála a bhunú ag a bhfuil bearta nithiúla chun beatha agus sláinte ag an obair a chosaint, chomh maith le tuarastail a mhéadú agus a uasghrádú;

b) tionóiscí ag an obair agus galair cheirde a chosc;

c) iniúchtaí saothair a neartú go suntasach, seiceálacha ar fhreagracht aonair fostóirí as rioscaí ceirde a chosc agus a rialú;

d) teicneoirí sábháilteachta agus lianna ceirde, seirbhísí sláinte agus sábháilteachta ceirde a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoi chuimsiú an chórais sláinte poiblí, agus faoi sin amháin;

e) a áirithiú go ndéanfar faireachán córasach ar stádas sláinte oibrithe trí scrúduithe saor in aisce, go háirithe do mhná torracha agus do mhná atá ag obair;

f) stádas gairmeacha diana agus míshláintiúla a aithint agus a leathnú, an t-am oibre a mhéadú go 6 huaire an chloig in aghaidh na 5 lá, i.e. 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine sna gairmeacha sin, líon na laethanta saoire a mhéadú, an aois scoir a laghdú go 50 do mhná agus 55 d'fhir, agus toirmeasc a chur ar mhionaoisigh a fhostú i ngairmeacha guaiseacha;

g) cumhdach iomlán slándála sóisialta a chur ar fáil d'oibrithe in aghaidh rioscaí ceirde, a bheidh le hiompar go heisiach ag an bhfostóir; a chinntiú go bhfuil cúram ospidéil agus cúram sláinte saor in aisce agus go n-íoctar pá iomlán i rith na tréimhse neamhláithreachta ón obair mar thoradh ar thionóisc ag an obair nó ar ghalar ceirde; pinsin iomlána a chinntiú do dhaoine nach bhfuil in ann a bheith ag obair nó dá dteaghlaigh i gcás báis.